Parlaimint na hEorpa
2019-2024

An Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

2022/2140(INI)

3.3.2023

DRÉACHT-TUARASCÁIL

maidir le hoibreacha iompair Eorpacha a áirithiú do mhná
(2022/2140(INI))

An Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

Rapóirtéir: Elżbieta Katarzyna Łukacijewska

Rapóirtéirí don tuairim ón gcoiste comhlachaithe i gcomhréir le Riail 57 de na Rialacha Nós Imeachta:
Caroline Nagtegaal, An Coiste um Iompar agus um Thurasóireacht

PR_INI

ACHOIMRE

Leathanach

MOTION FOR A EUROPEAN PARLIAMENT RESOLUTION.....3

EXPLANATORY STATEMENT 9

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

maidir le hoibreacha iompair Eorpacha a áirithiú do mhná
(2022/2140(INI))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint d'Airteagail 2 agus 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach,

– ag féachaint d'Airteagail 8, 10, 19 agus 157 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint d'Airteagail 21 agus 23 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) de, go háirithe SDG 5 agus a cuspóirí agus táscairí,

– ag féachaint do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe an 18 Nollaig 1979 maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú,

– ag féachaint do threoracha AE ó 1975 ar aghaidh maidir le gnéithe éagsúla den chóir chomhionann do mhná agus d'fhir, lena n-áirítear Treoir 79/7/CEE ón gComhairle an 19 Nollaig 1978 maidir le prionsabal na córa comhionainne d'fhir agus do mhná a chur chun feidhme de réir a chéile i gcúrsaí slándála sóisialta[1], Treoir 92/85/CEE ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 1992 maidir le bearta a thabhairt isteach chun feabhsuithe a spreagadh ag an obair d'oibrithe torracha agus d'oibrithe atá tar éis leanbh a shaolú nó atá i mbun beathú cíche[2], Treoir 2004/113/CE ón gComhairle an 13 Nollaig 2004 lena gcuirtear chun feidhme prionsabal na córa comhionainne idir fir agus mná i dtaca le rochtain ar earraí agus seirbhísí agus soláthar earraí agus seirbhísí[3], Treoir 2006/54/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 maidir le cur chun feidhme phrionsabal na córa comhionainne idir fir agus mná i gcúrsaí a bhaineann le fostaíocht agus gairmeacha [4], aTreoir (AE) 2019/1158 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le cothromaíocht oibre is saoil do thuismitheoirí agus do chúramóirí agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/18/AE ón gComhairle[5] gus Treoir 2010/41/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2010 maidir le prionsabal na córa comhionainne idir fir agus mná atá rannpháirteach i ngníomhaíocht ar bhonn féinfhostaithe a chur i bhfeidhm agus lena n-aisghairtear Treoir 86/613/CEE ón gComhairle[6],

[1]IO L 6, 10.1.1979, lch. 24.
[2]IO L 348, 28.11.1992, lch. 1.
[3]IO L 373, 21.12.2004, lch. 37.
[4]IO L 204, 26.7.2006, lch. 23.
[5]IO L 188, 12.7.2019, lch. 79.
[6]IO L 180, 15.7.2010, lch. 1.

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2009 dar teideal ‘A sustainable future for transport: Towards an integrated, technology-led and user-friendly system’ [Todhchaí inbhuanaithe don iompar: i dtreo córas atá comhtháite, á threorú ag an teicneolaíocht agus curtha ar fáil ar bhealach soláimhsithe] (COM(2009)0279),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 5 Márta 2020 dar teideal ‘A Union of Equality:Gender Equality Strategy 2020-2025’ [Aontas Comhionannais: Straitéis um Chomhionannas Inscne 2020-2025] (COM(2020)0152),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 9 Nollaig 2020 dar teideal ‘Sustainable and Smart Mobility Strategy – putting European transport on track for the future’ [Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste – iompar Eorpach a chur ar an mbóthar ceart don todhchaí] (COM(2020)0789),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 14 Iúil 2021 dar teideal ‘Fit for 55’: Sprioc Aeráide 2030 an AE a sheachadadh ar an mbealach i dtreo aeráidneodracht' (COM(2021)0550),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 14 Nollaig 2021 dar teideal The New EU Urban Mobility Framework [Creat Nua Soghluaisteachta Uirbí AE] (COM(2021)0811),

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2020/1054 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2020 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 a mhéid a bhaineann le ceanglais íosta maidir le huastréimhsí tiomána laethúla agus seachtainiúla, sosanna íosta agus tréimhsí scíthe laethúla agus seachtainiúla, agus Rialachán (AE) Uimh. 165/2014 a mhéid a bhaineann le haimsiú suímh trí bhíthin tacagraf[7],

– ag féachaint do rún uaithi an 21 Eanáir 2021 maidir le gné na hinscne i ngéarchéim COVID-19 agus sa tréimhse iar-ghéarchéime[8],

– ag féachaint do rún uaithi an 21 Eanáir 2021 maidir le Straitéis AE um Chomhionannas Inscne[9],

– ag féachaint dá rún an 6 Deireadh Fómhair 2021 maidir le Creat Beartais an Aontais um Shábháilteacht ar Bhóithre 2021-2030 – Moltaí maidir leis na chéad chéimeanna eile i dtreo ‘Fís Nialais’[10],

– ag féachaint d’Innéacs Comhionannais Inscne 2022 ón Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE),

– ag féachaint do staidéar an 16 Nollaig 2021 dar teideal Women and transport [Mná agus cúrsaí iompair], an Roinn Beartais um Chearta na Saoránach agus um Ghnóthaí

[7]IO L 249, 31.7.2020, lch. 1.
[8]IO C 456, 10.11.2021, lch. 191
[9]IO C 456, 10.11.2021, lch. 208
[10]IO C 132, 24.3.2022, lch. 45.

Bunreachtúla, an Ard-Stiúrthóireacht um Beartais Inmheánacha, Parlaimint na hEorpa.

– ag féachaint don staidéar ón gCoimisiún an 14 Meán Fómhair 2022 dar teideal ‘Study on the social dimension of the future EU transport system regarding users and passenger Final report’ [Staidéar ar ghné shóisialta chóras iompair AE a bheidh ann sa todhchaí maidir le húsáideoirí agus paisinéirí:]

– ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do thuairim ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne,

A. de bhrí gur bunluach de chuid AE é an comhionannas inscne agus nach mór é a phríomhshruthú i mbeartais uile AE; de bhrí gur ceart bunúsach é an ceart chun córa comhionainne agus chun neamh-idirdhealaithe a chumhdaítear sna Conarthaí agus sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh;

B. de bhrí gur léirigh taighde a dhéantar ar fud na mBallstát gur fadhb atá ag dul i méid é foréigean inscnebhunaithe i spásanna poiblí agus ar iompar comhchoiteann;

C. de bhrí gur féidir le beartais iompair nach bhfuil dearatha go maith an bhochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta atá ann cheana a ghéarú; de bhrí go bhfuil easpa sonraí imdhealaithe de réir inscne agus easpa anailíse inscne fós ann maidir le hiompar, rud a chuireann bac ar bheartais iompair dhea-dhírithe a chur i bhfeidhm do dhaoine aonair agus do theaghlaigh ina n-éagsúlacht uile;

D. de bhrí go bhfuil sé ríthábhachtach cur chuige inscne-fhreagrúil a ghlacadh i leith na pleanála uirbí chun cáilíocht saoil na mban a fheabhsú;

E. de bhrí go bhfuil difríocht idir úsáid iompair de réir inscne, chomh maith le fachtóirí eile, ó thaobh castachta, minicíochta, modha, faid, cuspóra, costais, slándála agus sábháilteachta de;

F. de bhrí go bhfuil tuiscint ar phatrúin iompair agus ar shoghluaisteacht ríthábhachtach chun beartais iompair atá íogair ó thaobh inscne de a fhorbairt, ionas gur féidir le ban-úsáideoirí iompair modhanna iompair atá sábháilte, inrochtana, iontaofa, inbhuanaithe agus neamh-idirdhealaitheach a chomhroinnt;

G. de bhrí go n-úsáideann mná níos mó ná fir modhanna iompair níos inbhuanaithe, agus gur minic a dhéanann siad slabhrú turais;

H. de bhrí gur cheart riachtanais shonracha na mban a chur san áireamh le glacadh teicneolaíochtaí nua feithiclí agus uathoibrithe;

I. de bhrí go n-éilíonn iompar inbhuanaithe rochtain chomhionann ar bhonneagar, trí bhearta lena ráthaítear soghluaisteacht níos fearr do chách agus an cháilíocht chéanna seirbhíse i gceantair uirbeacha agus thuaithe;

J. de bhrí gur minic a ghlactar le dearadh feithiclí, lena n-áirítear gnéithe sábháilteachta,

foirm fhisiceach níos mó agus fireann steiréitipiciúil, rud a fhágann go bhfuil éifeachtúlacht níos ísle ann do dhaoine beaga;

K. de bhrí go bhfuil tionchar dearfach ag bonneagar iompair ag a bhfuil timpeallacht dhea-dheartha agus shábháilte ar shábháilteacht iarbhír agus ar shábháilteacht bhraite araon[11];

L. de bhrí go gcuireann bacainní soghluaisteachta bac ar rochtain na mban ar phoist agus ar phríomhsheirbhísí, amhail sláinte agus oideachas, a dhéanann difear dá gcarnadh caipitil dhaonna féin agus dá leanaí araon;

M. de bhrí go bhfuil mná faoi ghannionadaíocht san fhostaíocht iompair ar gach leibhéal; de bhrí go dtreisíonn tearcionadaíocht sa chinnteoireacht, sa phleanáil agus sa taighde an easpa príomhshruthaithe inscne san iompar;

N. de bhrí nach gcuirtear san áireamh sa timpeallacht oibre in earnáil an iompair riachtanais shonracha do mhná, a bhfuil impleachtaí níos leithne acu do shábháilteacht na mban;

O. de bhrí go bhfuil fadhbanna suntasacha earcaíochta ag cuideachtaí iompair; de bhrí go bhféadfadh fostaíocht na mban a bheith ina leigheas ar ghanntanais foirne in earnáil an iompair[12];

P. de bhrí go bhfuil sé tábhachtach soghluaisteacht éifeachtúil agus inacmhainne a chur chun cinn agus a chaomhnú i gceantair thuaithe; de bhrí nach ndéantar forbairt leormhaith ar nascacht laistigh de limistéir thuaithe;

Q. de bhrí go mbíonn bacainní ar mhná atá ina gcónaí i gceantair thuaithe tacaíocht a fháil nuair is íospartaigh foréigin inscnebhunaithe iad;

1. ag athdhearbhú thiomantas an Aontais comhionannas inscne a bhaint amach san iompar, agus an dul chun cinn atá déanta go dtí seo á thabhairt dá haire ag an am céanna; á chur i bhfios go láidir go bhfuil gá le bearta nithiúla chun feabhas a chur ar an tslándáil, ar an rochtain ar shoghluaisteacht agus ar dheiseanna fostaíochta;

2. ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil éifeachtaí dearfacha ag príomhshruthú inscne san iompar, lena n-áirítear cuimsiú sóisialta agus deiseanna fostaíochta; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá príomhshruthú inscne an iompair chun na haistrithe glasa agus digiteacha a bhaint amach;

3. á mheabhrú go ndéantar mná a eisiamh ó ghníomhaíochtaí eacnamaíocha agus sóisialta ó steiréitíopáil inscne agus ó chlaontacht inscne, as a n-eascraíonn easpa éifeachtúlachta agus cur amú méadaithe acmhainní daonna; á aithint go bhfuil gá le hacmhainní chun a áirithiú go ndéanfar ionadaíocht ar mhná i dtaighde agus i gcinnteoireacht maidir le

[11] An Fóram Iompair Idirnáisiúnta, *Women's Safety and Security: A Public Transport Priority* [Sábháilteacht agus Slándáil na mBan:Tosaíocht Iompair Phoiblí, Foilsitheoireacht ECFE, Páras, 2018]. OECD Publishing, Páras, 2018.

[12] An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair, *Good staff scheduling and rostering practices in transport – Final report*, [Dea-Chleachtais sceidealúcháin agus uainchláir san iompar — Tuarascáil deiridh], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2021.

cúrsaí iompair;

4. á chur in iúl gur oth léi an easpa sonraí caighdeánaithe, imdhealaithe de réir inscne agus easpa anailíse inscne ar fud na modhanna iompair uile; á chur in iúl gur geal léi, i ndáil leis sin, gurb é ‘fuinneamh agus iompar’ fócas téamach eagrán 2023 d’Innéacs Comhionannais Inscne EIGE;

5. á thabhairt chun suntais go bhfuil cumas na hintleachta saorga (IS) tacair sonraí anaithnidithe a chomhiomlánú maidir le húsáid iompair phoiblí;

6. á chur in iúl gur geal léi seoladh thionscnamh nua Ambasadóirí an Choimisiúin um Éagsúlacht sa Ghréasán Iompair, lena bhféachfar leis an éagsúlacht, an comhionannas agus an cuimsiú a chur chun cinn in earnáil iompair AE;

7. á iarraidh go ndéanfaí tástálacha ar fheidhmíocht sábháilteachta agus tástálacha tuairteanna chun samhlacha baineanna bithmhídeacha a chur san áireamh; á chur i bhfios go láidir gur gá don Intleacht Shaorga cur lenár dtuiscint ar an gcaoi a n-imoibríonn an fhisic dhaonna éagsúil i gcásanna éigeandála;

Soghluaisteacht agus cothromas na mban san iompar a thuiscint

8. á chur i bhfios go láidir go bhfuil ionchais, patrúin taistil, riachtanais agus eispéiris éagsúla ag mná mar úsáideoirí iompair; á iarraidh go ndéanfaí riachtanais na mban a chomhtháthú go hiomlán le reachtaíocht ábhartha in earnáil an iompair;

Seirbhísí soghluaisteachta cuimsitheacha agus bonneagar leordhóthanach

9. á iarraidh go ndéanfaí roghanna iompair inbhuanaithe a chomhtháthú i saol laethúil na mban, lena gcumasófar turais ilmhódacha atá compordach, sábháilte agus saor ó strus a chur i gcrích;

10. á iarraidh ar na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar leanúnachas agus inrochtaineacht naisc inbhuanaithe coisithe a chur san áireamh go hiomlán sa bhonneagar bóithre, go háirithe agus uasghrádú á dhéanamh air;

Sábháilteacht agus slándáil na mban a áirithiú i dtimpeallachtaí iompair

11. á iarraidh go gcuirfí níos mó béime ar shábháilteacht sa tsoghluaisteacht uirbeach, amhail soilsiú sráide leormhaith, inbhuanaithe, chun cásanna a sheachaint ina gcaithfidh mná aghaidh a thabhairt ar spotaí dorcha, uaigneacha agus iad ag comaitéireacht; á iarraidh freisin go gcuirfí an ‘míle deireanach’ san áireamh i ndearaí comhtháite iompair, go háirithe ag amanna neamhbhuaice;

12. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá an Gníomh um an Intleacht Shaorga[13] maidir le cúnamh a thabhairt d’údaráis forfheidhmithe dlí chun an choireacht i gcórais iompair phoiblí a chomhrac agus chun ciapadh in aghaidh úsáideoirí iompair baineanna agus LGBTQI+ a

[13] Togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga (Gníomh um an Intleacht Shaorga) agus lena leasaítear gníomhartha áirithe reachtacha de chuid an Aontais (COM(2021)0206).

laghdú;

13. ag tabhairt dá haire go bhfuil ról mór ag mná maidir le roghanna soghluaisteachta teaghlach a mhúnlú, agus gur féidir a n-eispéiris dhiúltacha ina n-úsáidtear modhanna iompair inbhuanaithe iad a chur ó dhoras;

14. ag tabhairt dá haire go bhfuil dúshláin ann do mhná i gceantair thuaithe a bhfuil iompar poiblí réasúnta tearcfhorbartha iontu, ar dúshláin iad a bhaineann le róil mar chúramóirí go minic; á chur i bhfáth nár cheart grúpaí leochaileacha, mná ná iad siúd a bhfuil cónaí orthu i gceantair thuaithe a eisiamh ó bheartais arb é is aidhm dóibh iompar inbhuanaithe a chur chun cinn;

Mná san fhostaíocht

15. á chur i bhfios go láidir go bhfuil bacainní amhail claontacht inscne roimh oibrithe iompair baineanna ar gach leibhéal, chomh maith le heaspa saoráidí nó saoráidí atá mí-oiriúnach, a mbíonn ciapadh agus foréigean mar thoradh orthu; ag tabhairt dá haire, mar thoradh air sin, go bhfuil deacracht ag baint le mná a mhealladh agus a choinneáil i bpoist iompair;

Mná a chumhachtú in earnáil an iompair

16. á chur i bhfáth gur cheart an easpa ban in earnáil an iompair a mheas mar dheis freisin; á iarraidh ar an gCoimisiún, ar na Ballstáit agus ar gheallsealbhóirí bearta réamhghníomhacha a dhéanamh chun borradh a chur faoi infhostaitheacht agus iomaíochas na mban san earnáil sin;

Feasacht a mhúscailt agus athrú iompraíochta a spreagadh

17. á iarraidh ar na Ballstáit deighilt an mhargaidh san iompar agus san eolaíocht, sa teicneolaíocht, san innealtóireacht agus i ngairmeacha matamaitice a chomhrac; ag tabhairt dá haire go bhféadfadh cur chun cinn na fiontraíochta i measc cailíní ó aois óg steiréitíopaí oideachais atá ann cheana a laghdú agus a áirithiú go rachaidh níos mó ban isteach in earnálacha na lóistíochta, na hinnealtóireachta agus an iompair;

18. ag tabhairt dá haire go bhfuil gá le feachtais agus gníomhaíochtaí ar na meáin shóisialta chun cultúr neamhfhulaingthe i gcoinne ciaptha agus timpeallachtaí oibre neamhshábháilte a áirithiú;

19. ag tabhairt dá haire gur féidir le digitiú agus samhlacha nua iompair timpeallachtaí oibre níos fearr, níos sábháilte agus níos inrochtana a chur ar fáil do mhná;

°

° °

20. Á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Tá an tsoghluaisteacht agus an t-iompar tábhachtach do shaoránaigh uile an Aontais seo againne, ag síorathrú agus ag nuachóiriú le himeacht ama. Go mór fada, is é an dúshlán is mó atá roimh earnáil an iompair ná an gá atá le hastaíochtaí a laghdú go suntasach agus a bheith níos inbhuanaithe. Beidh tionchar nach beag ag an mbóthar chuig córas iompair atá neodrach ó thaobh carbóin de ar úsáideoirí agus ar phaisinéirí araon, agus ar dhaoine atá ag obair san earnáil chomh maith. Is cinnte go dtabharfaidh sé deiseanna iontacha do shaoránaigh maidir le cáilíocht saoil níos fearr, ionchais nua agus spreagúla do phoist, chomh maith le táirgí agus seirbhísí nua a thabhairt níos gaire do mhuintir na hEorpa ná mar a bhí riamh. Ach ag an am céanna, tá sé de dhualgas orainn go léir na dúshláin atá romhainn a aithint: go deimhin, cruthóidh sé spreagadh nua don tsochaí chun modhanna iompair níos inbhuanaithe a roghnú, rud a d'fhéadfadh bochtaineacht iompair níos leithne a bheith mar thoradh air agus eisiamh a chruthú do ghrúpaí áirithe.

Creideann an Rapóirtéir, áfach, nach gá gurb amhlaidh a bheadh. Ní gá a rá gur cheart nach bhfágfaí aon duine ar lár de bharr na héabhlóide spreagúla seo a bhaineann lenár gcórais iompair a athrú go soghluaisteacht ghlas, inacmhainne agus inbhuanaithe. Mar sin féin, tá i bhfad an iomarca samplaí ann anois den neamhionannas agus d'easnaimh san iompar d'úsáideoirí iompair agus d'oibrithe araon faoi seach.

Féachann an tuarascáil seo le béim a leagan ar na deacrachtaí a bhíonn ag mná go minic san iompar, agus aird ar leith á tabhairt ar mhná a dhéanann formhór na ndualgas cúraim agus a bhfuil patrúin taistil éagsúla acu ná mar a bhíonn ag fir. Tá sé ina chrá croí go mbíonn níos mó idirdhealaithe ann ar mhná ina n-ionad oibre agus nach áit fostaíochta eiseamláireach í an earnáil iompair i gcónaí. Déantar anailís sa tuarascáil freisin ar staid na ngrúpaí leochaileacha eile a ndearnadh neamhshuim díobh le fada an lá agus ar tugadh neamhaird ar a gcuid riachtanas. Féachann sí le bealaí a aimsiú chun feabhas a chur ar an staid reatha san earnáil agus ag an am céanna a áirithiú go n-oibreoidh tairbhí an aistrithe ghlais do chách.

Ar an gcéad dul síos, chun tuiscint níos fearr agus anailís níos fearr a fháil ar a bhfuil riachtanach chun a áirithiú go n-oibreoidh iompar an Aontais do mhná, go mbeidh gá le sonraí imdhealaithe de réir inscne agus le hanailís inscne san iompar. Cuideoidh sé le feabhas a chur ar cheapadh beartas, reachtaíochta ábhartha, clár agus gníomhaíochtaí lena léirítear riachtanais agus ábhair imní na mban ina n-éagsúlacht uile, chomh maith le sonraí oscailte a fhorbairt chun tacú le nuálaíocht iompair.

Ina theannta sin, ní mór díriú níos mó ar shábháilteacht paisinéirí san iompar comhchoiteann, rud a bhfuil roinnt impleachtaí forleathana ag baint leis i dtaca le hinscne agus soghluaisteacht. Mar úsáideoirí an iompair chomhchoitinn, bíonn mná faoi réir feiniméan an ghnéaschiaptha agus cineálacha éagsúla ionsaithe, ar cúis imní é. Tá sé thar a bheith deacair dóibh taisteal go dtí an obair agus ón obair, málaí siopadóireachta, naíchóistí a iompar agus aire a thabhairt do leanaí ag an am céanna.

Ina dhiaidh sin, agus gluaisteáin agus modhanna eile iompair á ndearadh, is iondúil nach gcuirtear fiseolaíocht na mban san áireamh, rud a chiallaíonn nach bhfuil siad chomh cosanta céanna le fir nuair a bhíonn siad i dtimpiste feithicle.

Fadhb mhór eile is ea bochtaineacht iompair agus eisiamh iompair, go háirithe i gceantair thuaithe agus sna réigiúin is forimeallaí. Tá níos lú roghanna malartacha ag mná ná mar a bhíonn ag fir maidir leis an modh iompair atá le húsáid a roghnú. Agus nuair atáthar ag smaoineamh ar iompar a dhícharbónú, ní mór staonadh ó dheireadh iomlán a chur le gluaisteáin ó shaol na ndaoine, go háirithe i gcásanna nach gcuirtear naisc iompair inbhuanaithe, inacmhainne, shábháilte agus rialta ar fáil.

A mhéid a bhaineann le réimse na fostaíochta, níl an earnáil iompair tarraingteach go leor do mhná go fóill, ós rud é nach dtugtar dóthain airde ar shaincheisteanna sábháilteachta na mban agus ar inrochtaineacht saoráidí bonneagair cuí. Tá na cásanna do-ghlactha de ghnéaschiapadh, de bhulaíocht, d'imeaglú agus d'fhoréigean i bhfad rófhorleathan san earnáil. Ina theannta sin, mar gheall ar easpa feasachta agus easpa nochta do chonairí gairme, tá mná fós faoi ghannionadaíocht i ngairmeacha iompair. I ndáil leis an méid sin, moltar tuilleadh dreasachtaí agus luathoideachais do chailíní a spreagfadh mná chun tabhairt faoi ghairmeacha san ETIM. Féachtar sa tuarascáil freisin le teacht ar réitigh agus ar bhealaí chun rannpháirtíocht agus spéis na mban san iompar agus sa lóistíocht a mhéadú.

Dá bhrí sin, ní mór a áirithiú go mbeidh ár gcóras iompair fíor-athléimneach i gcoinne géarchéimeanna a bheidh ann amach anseo agus go n-oibreoidh sé do mhná agus do ghrúpaí leochaileacha, ní mór é a bheith ina chuspóir ríthábhachtach de bheartas iompair an Aontais agus é ag dul chun cinn agus ríthábhachtach d'fhás agus d'inbhuanaitheacht fhadtéarmach na hearnála. Má oibríonn sé ar son na mban, oibreoidh sé do chách — níl aon am le cur amú agus leas á bhaint as na forbairtí spreagúla ar fad a bhíonn ar iompar a thairiscint i réimse na teicneolaíochta agus i réimse na fostaíochta iomaíche, sábháilte agus athléimneacha